II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/242 ÓN gCOIMISIÚN

**an 11 Feabhra 2021**

**lena bhformheastar leasú nach mion ar an tsonraíocht i gcás ainmniúchán atá cláraithe i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht ("Tepertős pogácsa" (STR))**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 21 Samhain 2012 maidir le scéimeanna cáilíochta do tháirgí talmhaíochta agus do bhia-earraí ([1]), agus go háirithe Airteagal 52(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) De bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 53(1) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, tá scrúdú déanta ag an gCoimisiún ar iarratas na hUngáire maidir le formheas ar leasuithe ar shonraíocht an tsainearra thraidisiúnta faoi ráthaíocht "Tepertős pogácsa" atá cláraithe faoi Rialachán (AE) Uimh. 1144/2013 ón gCoimisiún ([2]), faoi mar a leasaíodh é le Rialachán (AE) 2016/1415 ón gCoimisiún ([3]).

(2) Ós rud é gur leasú nach mion atá sa leasú atá i gceist de réir bhrí Airteagal 53(2) de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, d'fhoilsigh an Coimisiún an t-iarratas ar leasú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([4]) faoi mar a cheanglaítear le hAirteagal 50(2)(b) den Rialachán sin.

(3) Ós rud é nach bhfuair an Coimisiún aon ráiteas agóide faoi Airteagal 51 de Rialachán (AE) Uimh. 1151/2012, ba cheart na leasuithe ar an tsonraíocht a fhormheas,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Tá na leasuithe ar an tsonraíocht a foilsíodh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* maidir leis an ainmniúchán "Tepertős pogácsa" (STR) formheasta anois.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 11 Feabhra 2021.

*Thar ceann an Choimisiúin,*
*Ar son an Uachtaráin,*
Janusz WOJCIECHOWSKI
*Comhalta den Choimisiún*

---

([1]) IO L 343, 14.12.2012, lch. 1.

([2]) Rialachán cur chun feidhme (AE) Uimh. 1144/2013 ón gCoimisiún an 13 Samhain 2013 lena dtaifeadtar ainmniúchán i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht [Tepertős pogácsa (STR)] (IO L 303, an 14.11.2013, lch. 17).

([3]) Rialachán cur chun feidhme (AE) 2016/1415 ón gCoimisiún an 24 Lúnasa 2016 lena n-iontráiltear ainmniúchán i gclár na sainearraí traidisiúnta faoi ráthaíocht [Tepertős pogácsa (STR)] (IO L 230, 25.8.2016, lch. 20).

([4]) IO C 293, 4.9.2020, lch. 6.